Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh. H91 X4K8 •
City Hall, College Road, Galway. H91 X4K8
091-536400 • customerservice@galwaycity.ie
www.galwaycity.ie @GalwayCityCo
www.facebook.com/GalwayCityCouncil/

DÚNADH SEALADACH BÓITHRE
Acht na mBóithre 1993 – Alt 75
Rialacháin um Bóithre 1994 – Airteagal 12
Fógra Rúin

TUGTAR FÓGRA LEIS SEO go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ordú a dhéanamh ag dúnadh:-

Bóthar an Chlaí Bháin (L5020): Ó acomhal Bhóthar Rathúin go dtí an bealach isteach chuig Ard na Gaoithe.

An Tréimhse Dúnta: 08.00 – 18.00, Dé Luain, an 27ú Meitheamh go dtí Dé hAoine, an 1ú Iúil 2022

Cúis: Naisc seirbhísí fóntais a éascú

Bealaí Atreoraithe: Beidh bealaí atreoraithe sealadacha in úsáid trí Bhóthar Rathúin (L-1017), Bóthar Bhaile an Mhóinín (L-5024) agus Bóthar Dáileacháin an larthair (L-1012)

Coinneofar rochtain áitiúil i gcónaí.

Beidh réamhchomharthaíocht atreoraithe i bhfeidhm sula dtosófar ar an obair.

Is féidir doiciméid a iniúchadh ag an bhFáiltiú, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, H91 X4K8, le linn uaireanta oifige, ó 9.30rn go 1.00in, Luan go hAoine, Féadfar agóidí a dhéanamh i gcoinne an dúnadh sealadach beartaithe a chur isteach i scríbhinn chuig an tUasal Patrick Greene, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, ag an seoladh thuas, nó trí ríomhphost chuig: roads@galwaycity.ie tráth nach déanaí ná 12 meán lae ar Déardaoin 9ú Meitheamh 2022

Is féidir an fógra agus an léarscáil a íoslódáil freisin ónár láithreán gréasáin:
https://www.galwaycity.ie/iompar-nuacht

TEMPORARY CLOSING OF ROADS
Roads Act 1993 – Section 75
Roads Regulations 1994 - Article 12
Notice of Intention

NOTICE IS HEREBY GIVEN that Galway City Council proposes to make an order closing:

Clybaun Road (L5020): From the Rahoon Road junction to the entrance of Ard na Gaoithe.

Period of Closure: 08.00 – 18.00, Monday 27th June to Friday 1st July 2022

Reason: To facilitate utility service connections

Diversion Routes: Temporary diversion routes will be in place via Rahoon Road L-1017, Ballymoneen Road L-5024 and Western Distributor Road L-1012

Localised access will be maintained at all times.

Advance diversion signage will be in place prior to work commencing.

Documents can be inspected at Reception, Galway City Council, City Hall, College Road, Galway, H91 X4K8, during office hours, from 9.30am to 1.00pm, Monday to Friday. Objections to the proposed temporary closure may be submitted in writing to Mr Patrick Greene, Director of Services, Galway City Council, at above address, or by email to: roads@galwaycity.ie not later than 12 noon on Thursday 9th June 2022.

This notice and map may also be downloaded from our website:
https://www.galwaycity.ie/transport-news

Na hAchtanna um Pleanáil & Forbairt 2000 (arna leasú)

Iarratasóir: Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Seoladh an Láithreáin: An Caisleán Gearr, Bóthar Áth Cinn, Gaillimh, Co. na Gaillimhe
Togra: De bhun cheanglais Alt 177AE(4)(a) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe cead a lorg ón mBord Pleanála chun an fhorbairt seo a leanas a dhéanamh sa Chaisleán Gearr, Bóthar Áth Cinn, Gaillimh.
Cineál na Forbartha: Forbairt tithíochta sóisialta de 24 aonad cónaithe a thógáil, ina mbeidh

- Soláthar de bhloc árasán de 3 urlár comhdhéanta de -
- 3 aonad le seomra leapa amháin, 14 aonad le 2 sheomra leapa, 4 aonad le 3 sheomra leapa
- Soláthar de 3 aonad TAA (Cóiríocht Chuí don Lucht Siúil) de 2 stór, le 4 sheomra leapa iontu.
- Soláthar de phainéil ghréine PV ar an mbloc árasán molta.
- Soláthar de stáisiún caidéalúcháin uisce bhréan, páirceáil carrchlóis agus rothair, tírdhreachtú, áit súgartha do leanaí, spás do chluichí ilúsáide, naisc le seirbhísí atá ann cheana féin agus gach obair forbartha láithreáin choimhdeach/chumasaithe.

Tá Ráiteas Tionchair Natura ullmhaithe maidir leis an bhforbairt a bheartaítear.
Tugadh faoi Thuarascáil Scagtha ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta maidir leis an bhforbairt a bheartaítear agus baineadh de thátal as nach bhfuil gá le Tuarascáil Measúnaithe Tionchair Timpeallachta.
Féadfaidh an Bord Pleanála faomhadh a thabhairt don fhorbairt le coinníollacha nó gan coinníollacha nó féadfaidh sé diúltú don iarratas ar fhorbairt. Beidh pleananna agus sonraí na forbartha a bheartaítear mar aon leis an Ráiteas Tionchair Natura agus an Tuarascáil Scagtha ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta ar fáil lena iniúchadh, saor in aisce, ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, H91 X4K8 idir 9:00 r.n. agus 4:00 i.n ó Luan go hAoine (gan Laethanta Saoire Poiblí san áireamh) ar feadh na tréimhse **dé Máirt 7 Meitheamh 2022 to Dé Máirt 19 Iúil 2022**. Is féidir cóip a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh.

Le haghaidh coinní, téigh i dteagmháil le pleanáil ag 091 536599 nó trí r-phost a sheoladh chuig planning@galwaycity.ie
Féadfar aighneachtaí agus tuairimí maidir leis an bhforbairt a bheartaítear, má thugtar fúithi, a bhaineann le:
1. Impleachtaí na forbartha beartaithe do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe sa limistéar lena mbaineann,
2. Na héifeachtaí dóchúla ag an bhforbairt a bheartaítear ar an gcomhshaol, agus
3. Na héifeachtaí dóchúla ag an bhforbairt ar láithreán Eorpach,
a dhéanamh i scríbhinn laistigh den tréimhse a shonraítear thuas chuig an mBord Pleanála ag an seoladh seo a leanas:
An Rúnaí, An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath1

Sínithe: Patricia Philbin
Stiúrthóir Seirbhísí um Pleanáil, Tithíocht, Forbairt Eacnamaíochta agus Cultúir Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Dáta: 2 Meitheamh 2022

PLANNING & DEVELOPMENT ACTS 2000 (as amended)

Applicant: Galway City Council
Site Address: Castlegar, Headford Road, Galway, Co. Galway
Proposal: Pursuant to the requirements of Section 177AE(4)(a) of the Planning and Development Act 2000 (as amended) notice is hereby given that Galway City Council proposes to seek approval from An Bord Pleanála to carry out the following development at Castlegar, Headford Road, Galway.
Nature of Development: To construct a social housing development of 24 no residential units, comprising

- Provision of a 3.no. storey apartment block comprising –
- 3 no. 1-bedroom units, 14 no. 2-bedroom units, 4 no. 3-bedroom units
- Provision of 3 no. 2-storey, 4-bedroom TAA (Traveller Appropriate Accommodation) units.
- Provision of roof mounted Solar PV panels on proposed apartment block.
- Provision of a foul water pumping station, carparking and bicycle parking, landscaping, children's play area, multi-use games area, connections to existing services and all ancillary/enabling site development works.

A Natura Impact Statement has been prepared in respect of the proposed development.
An Environmental Impact Assessment Screening Report has been undertaken in respect of the proposed development and concluded that an Environmental Impact Assessment Report is not required. An Bord Pleanála may give approval for the development with or without conditions or may refuse the application for development. Plans and particulars of the proposed development together with the Natura Impact Statement and Environmental Impact Assessment Screening Report will be available for inspection, free of charge, at Galway City Council, City Hall, College Road, H91 X4K8 between the hours of 9:00a.m. and 4:00 p.m. from Monday to Friday (excluding Public Holidays) for a period from **Tuesday 7th June 2022 to Tuesday 19th July 2022.**. A copy may be purchased at a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy.

For appointments, please contact planning at 091 536599 or by email planning@galwaycity.ie
Submissions and observations with respect to the proposed development, if carried out, relating to:
1. The implications of the proposed development for proper planning and sustainable development in the area concerned,
2. The likely effects on the environment of the proposed development, and
3. The likely significant effects of the proposed development on a European site,
May be made in writing within the period specified above to An Bord Pleanála at the following address:
The Secretary, An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin 1

Signed: Patricia Philbin
Director of Services for Planning, Housing, Economic Development & Culture, Galway City Council
Dated: 2nd June 2022